



An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13563/22
ADD 1

PECHE 398
DELACT 183

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2022) 7280 final - IARSCRÍBHINN
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha chun foghabhálacha trosc i Muir Bhailt a laghdú [...]

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7280 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: C(2022) 7280 final - IARSCRÍBHINN



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.10.2022
C(2022) 7280 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le **RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla
sonracha chun foghabhálacha trosc i Muir Bhailt a laghdú**

[...]

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, i gCuid B, cuirtear isteach an pointe 1.3 seo a leanas:

‘1.3. Bearta sonracha maidir le hiascaigh ghrinnill i gcás ina bhfuil toirmeasc ar iascach dírithe ar throisc.

1.3.1. De mhaolú ar phointe 1.1. agus ón gcéad iontráil sa tábla i bpointe 1.2., cé is moite d’fhonóta 1, beidh feidhm ag na bearta sonracha seo a leanas i bhforanna 22-26 ICES i gcás ina bhfuil toirmeasc ar iascach dírithe ar throisc agus nuair nach bhfuil toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta eile sna foranna sin:

1.3.1.1. I bhforanna 22 go 26 ICES, úsáidfidh soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill an méid seo a leanas:

(i) feiste roghnaíochta Roofless* i gcomhcheangal leis na sonraíochtaí trealaimh a leagtar amach i bpointe 1.1, aon ghléas nua a fhorfhéadfaidh an Coimisiún agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 15(4) den Rialachán seo, nó

(ii) soc-fhoirceann T90 atá modhnaithe tríd an mogallmhéid íosta a mhéadú go 125 mm ar a laghad agus na dlúthchiumhaiseanna a threisiú le téada imill (soc-fhoirceann T90 modhnaithe), in éineacht le feiste roghnaíochta Roofless nó,

(iii) soc-fhoirceann mogaill chearnógaigh atá déanta as dhá phainéal a bhfuil an t-ábhar líontáin céanna iontu agus atá i bhfuinneog éalaithe shoc-fhoirceann Bacoma a leagtar síos i bpointe 1.1, agus mogallmhéid íosta 125 mm ** ar a laghad, in éineacht le feiste roghnaíochta Roofless.

Soláthraítear sonraíochtaí teicniúla na bhfeistí roghnaíochta a leagtar amach thuas i Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 2022/XXX.

1.3.1.2. Sa bhreis ar na cumraíochtaí trealaimh a shonraítear i bpointe 1.3.1.1., i bhforanna 24 go 26 ICES, féadfaidh tráil ghrinnill an soc-fhoirceann T90 modhnaithe dá dtagraítear i bpointe 1.3.1.1 a úsáid freisin. (ii) gan an fheiste roghnaíochta Roofless.

1.3.2. Agus na cumraíochtaí trealaimh dá dtagraítear i bpointe 1.3.1. á n-úsáid acu, líonfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais leathanach ar leithligh isteach sa logleabhar iascaireachta páipéir nó tuairisceoidh siad na gabhálacha sa logleabhar iascaireachta leictreonach ar leithligh ó na gabhálacha a rinneadh le cumraíochtaí trealaimh eile agus déanfaidh siad taifead ar an gcumraíocht trealaimh a úsáideadh.

1.3.3. Tarchuirfidh gach Ballstát brataí chuig an gCoimisiún na sonraí agus an fhaisnéis eolaíoch ábhartha, lena n-áirítear na cainníochtaí trosc a eascraíonn as iascaireacht a dhéanamh leis na cumraíochtaí trealaimh dá dtagraítear i bpointe 1.3.1. agus iad miondealaithe de réir limistéir ábhartha, faoin 1 Aibreán gach bliain. Déanfaidh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) na sonraí a mheasúnú ar a dhéanaí faoin 1 Lúnasa gach bliain ábhartha, ón 3ú bliain de chur i bhfeidhm na mbeart sin.

1.3.4. Ón 3ú bliain de chur i bhfeidhm na mbeart sin, déanfaidh an Coimisiún a mheas go bliantúil an mbíonn tionchar ag struchtúr faid na stoc trosc a d’fhéadfadh a bheith ag athrú ar éifeachtúlacht laghdaithe foghabhála na dtrealamh malartach dá dtagraítear i bpointe 1.3.1.

*Is oscailt éalaithe atá san fheiste seo atá suite ar chuid eangaí ina bhfuil ceithre phainéal (eangach lena gcumasaítear roghnaíocht mhodúlach (NEMOS)) d’aon trealamh tagartha bonnlíne nó d’aon trealamh nua atá formheasta ag an gCoimisiún agus a chomhlíonann

ceanglais Airteagal 15(4) den Rialachán seo maidir le deiseanna éalaithe le haghaidh trosc a sholáthar sula dtéann sé isteach sa soc-fhoirceann.

**Tá trí chuid san fheiste seo, mar a leanas: príomhchuid mogaill cearnógaigh agus dhá fháinne eangaí chun tosaigh agus ar chúl faoi seach.